**PRÍOBHÁIDEACHAIS ROINNE**

**Cé Muide?**

Údarás Áitiúil Comhairle Contae Fhine Gall

| | |
|---|---|
| Údarás Áitiúil | Comhairle Contae Fhine Gall |
| Stiúrthóireacht | Tithíocht agus Pobal |
| Pobail | Tithíocht |
| Tithíochta | Éadálacha Tithíochta |

**Cén fáth a bhfuil Ráiteas Príobháideachais againn?**

Tá an ráiteas príobháideachais seo cruthaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall chun a tiomantas láidir do phríobháideachas a léiriú agus chun sláine na sonraí a sholáthraíonn tú nuair a bhíonn tú ag déileáil le Comhairle Contae Fhine Gall a chinntiú.

Cruthaíonn, bailíonn agus próiseálann Comhairle Contae Fhine Gall méid suntasach sonraí pearsanta i bhformáidí éagsúla gach lá. Is é seo a leanas an tiomantas atá á thabhairt ag Comhairle Contae Fhine Gall maidir leis na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú:

- Go bhfuil na sonraí á mbailiú ar bhealach dlíthiúil, cothrom agus trédhearcach
- Go bhfuil na sonraí á n-úsáid chun críocha sonraithe, sainráite agus dlisteanacha
- Go bhfuil na sonraí leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don chríoch lenar bailíodh na sonraí
- Go bhfuil na sonraí á dtaifeadadh, á stóráil go beacht agus go slán agus áit ar gá, go bhfuil na sonraí cothrom le dáta
- Nach bhfuil na sonraí á gcoimeád ach ar feadh na tréimhse ama atá riachtanach do na críocha a bhí leis na sonraí a fháil
- Go bhfuil na sonraí á gcoimeád i bhfoirm a cheadaíonn an duine is ábhar do na sonraí a aithint
- Nach bhfuil na sonraí á bpróiseáil ach ar bhealach a chinntíonn slándáil chuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint i gcoinne próiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach

**Cén sonraí pearsanta a bhailímid?**

Más spéis leat do theach/árasán a dhíol le Comhairle Contae Fhine Gall, beidh ort an fhaisnéis phearsanta thíos a chur ar fáil mar aon le sonraí na réadmhaoine is mian leat a dhíol:

(a) Ainm
(b) Seoladh
(c) Uimhir theileafóin
(d) Seoladh ríomhphoist

**Cén fáth a bhailímid sonraí?**

Teastaíonn an fhaisnéis seo ón gComhairle chun na seirbhísí atá á lorg a chur ar fáil.

**Céard a dhéanaimid leis na sonraí?**

Ní úsáidimid na sonraí seo ach chun an t-iarratas a dhéanann tú le Comhairle Contae Fhine Gall chun do réadmhaoin a dhíol a phróiseáil.

**Conas a chosnaímid na sonraí?**

Baineann tábhacht le slándáil d'fhaisnéis phearsanta. Tá na taifid a choinnímid fút slán agus faoi rún laistigh den Chomhairle. Tá raon nósanna imeachta, beartas agus córas bunaithe ag an gComhairle lena chinntiú go bhfuil rochtain ar do chuid sonraí á rialú go cuí. Áirítear ina measc:

Criptiú, a chiallaíonn nach féidir sonraí a léamh gan eolas speisialta, cosúil le pasfhocal.

Rochtain rialaithe ar chórais agus ar ghréasáin, rud a chuireann ar ár gcumas rochtain ar shonraí a shrianadh do bhaill foirne atá formheasta.

Oiliúint do bhaill foirne maidir le beartais agus nósanna imeachta cosanta sonraí.

**An roinnimid na sonraí?**

Ní roinnfear do chuid faisnéise le heagraíochtaí eile mura bhfuil toiliú faighte againn uait nó mura bhfuil bonn dlí ann a leithéid a dhéanamh.

**Cén fad a choinnímid na sonraí?**

Tá na sonraí a bhailímid agus na taifid a chruthaímid bunaithe ar na sonraí sin atá faoi réir Sceideal Coinneála, ina sonraítear cé chomh fada a choinnímid sonraí, agus céard a dhéanfaimid le sonraí nuair atá an tréimhse choinneála imithe in éag.

Tá cóip dár mBeartas Coinneála Taifead le fáil ag:
http://fingal.ie/media/Record%20Management%20Policy.pdf
Tá an Beartas Náisiúnta Coinneála le fáil ag:
http://fingal.ie/media/2002_national_retention_policy_for_local_authority_records_2.pdf

**Do Chearta**

Tá an ceart agat rochtain a lorg ar na sonraí pearsanta fút atá á gcoinneáil, dearbhú a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil sonraí maidir leat ann, agus eolas a fháil maidir le hábhar agus foinse na sonraí, agus cruinneas na sonraí a sheiceáil. Ina theannta sin, má aimsítear go bhfuil na sonraí atá á gcoinneáil againn míchruinn, tá an ceart agat sonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag Comhairle Contae Fhine Gall a athrú, a bhaint, a bhlocáil, nó cur i gcoinne úsáid na sonraí pearsanta sin. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh rochtain ar shonraí a bhlocáil moill a chur ar rochtain nó rochtain a bhaint de sheirbhís óna dteastaíonn na sonraí de réir dlí nó le haghaidh críocha riachtanacha a bhaineann le

seirbhís a chur ar fáil duit. Tabhair faoi deara, d'fhonn do phríobháideachas a chosaint, cuirfimid céimeanna i bhfeidhm chun d'aitheantas a fhíorú roimh rochtain ar shonraí pearsanta a thabhairt.

Chun na cearta seo a fheidhmiú, ba cheart duit na céimeanna seo a leanas a chur i gcrích:

Chun sonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag Comhairle Contae Fhine Gall a iarraidh, ní mór nóta i scríbhinn a sheoladh sa phost nó trí ríomhphost chuig:
An tOifigeach Cosanta Sonraí,
An Roinn Gnóthaí Corparáideacha & Rialachais,
Comhairle Contae Fhine Gall,
An Phríomhshráid,
Sord,
Co. Bhaile Átha Cliath
Ríomhphost: Data.Officer@fingalcoco.ie
Teil: 01 8905162

**Nós imeachta le gearáin a dhéanamh**

Mura bhfuil tú sásta le toradh an fhreagra a fuair tú ó Chomhairle Contae Fhine Gall maidir le d'iarratas, tá tú i dteideal gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí a dhéanfaidh an ní a imscrúdú duit, más gá.

Is é www.dataprotection.ie suíomh gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifig ag:

Glao Áitiúil: 1890 252 231

Ríomhphost: info@dataprotection.ie

Seoladh Poist: An Coimisinéir Cosanta Sonraí

Teach na Canálach

Bóthar an Stáisiúin

Cúil an tSúdaire, Co. Laoise. R32 AP23.